



## **Scéim Teanga 2020-2022: Iarratas ar Aighneachtaí**

### **Ráiteas Príobháideachais**

#### **Ráiteas Príobháideachais**

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, pleanáil fhisiceach agus spásúlachta, rialtas áitiúil agus réamhaisnéisiú na haimsire.

Tá rún daingean ag an Roinn do chuid príobháideachais a chosaint agus a urramú. Sa ráiteas príobháideachais seo, tugtar míniú ar an gcaoi a bpróiseálfaidh an Roinn, ina cáil mar Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a thugtar di i leith an iarratas ar aighneachtaí don Scéim Teanga 2020-2022.; ar an dóigh a n-úsáidfear an fhaisnéis sin, agus ar na cearta a fhéadfaidh tú a fheidhmiú i ndáil le do chuid sonraí pearsanta.

#### **Cén fáth a bhfuil do chuid sonraí á bpróiseáil againn?**

Úsáidfídh an Roinn do chuid sonraí le heolas a chur ar fáil chun breis forbartha a dhéanamh ar an Scéim Teanga nua, a chuirfidh le scéimeanna roimhe seo chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge. Ní bpróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche ach amháin chun na críche ar chuici a bailíodh iad.

#### **Próifíliú**

Ní úsáidfídh an Roinn aon sonraí pearsanta a bailíodh uait i leith an chomhairliúcháin phoiblí seo chun críche cinnteoireachta uathoibríthe ná próifílithe.

#### **Dlíthiúlacht na próiseála**

Tá próiseáil do chuid sonraí pearsanta dlíthiúil faoi Airteagal 6 (1) (e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ina bhforáiltear go bhfuil gá le próiseáil chun cúram a chur i gcrích, ar cúram é a dhéantar chun leas an phobail, nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe sa rialaitheoir, sa chás seo an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ina cáil mar an comhlacht a sholáthraíonn raon seirbhísí don phobal i gcoitinne

#### **Slándáil do chuid sonraí pearsanta**

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí i bhfeidhm chun do chuid faisnéise a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, in ainneoin na n-iarrachtaí sin, níl aon bhearta slándála gan locht ná dothreáite, agus ní féidir aon

mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne aon idircheapadh ná aon chineál mí-úsáide eile. I gcás ina gcuirtear do chuid sonraí pearsanta i gcontúirt de dheasca sárú slándála, cuirfear nósanna imeachta agus beartas na Roinne i dtaca le Bainistiú Sáruithe i bhfeidhm.

### **Faightheoirí na sonraí**

Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, in imthosca áirithe ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí.

### **Aistrithe Sonraí Trasteorann**

Ní dhéanfaidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh i leith an chomhairliúcháin phoiblí faoin Scéim Teanga 2020-2022 a aistriú chuig aon tír ná eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den Aontas Eorpach (AE)/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

### **Cá fhad a choinneoidimid do chuid sonraí?**

Ní choinneoidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta ach amháin fad agus is gá chun na gcríoch ar chucu a bailíodh agus a próiseáladh iad. I gcomhréir le ceanglais reachtaíochta agus ghnó, is ionann an tréimhse coinneála sonraí le haghaidh do chuid sonraí pearsanta, sa chás seo, agus ceithre bliana.

### **Do chuid ceart**

Maidir le Beartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta, agus ina dtabharfar faisnéis maidir le do chuid ceart i do cháil mar ábhar sonraí (lena n-áirítear mionsonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartú agus scríosadh a dhéanamh, ceart chun srian a chur ar phróiseáil, ceart chun agóid a dhéanamh), tá sé le fáil ar ár suíomh gréasáin. Cuirfear cóip chrua den bheartas ar fáil freisin arna hiarraidh sin.

Má mheasann tú gur sáraíodh do chuid ceart, tá de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann ([www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)), agus tá de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

### **Teagmháil a dhéanamh linn**

Má bhíonn tuilleadh eolais uait, nó más mian leat do chuid sonraí pearsanta a rochtain, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne, agus tá na mionsonraí lena mbaineann thíos:

An tOifigeach Cosanta Sonraí,  
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil,  
Bóthar an Bhaile Nua,  
Port Láirge  
Seoladh ríomhphoist:  
[data.protection@housing.gov.ie](mailto:data.protection@housing.gov.ie)  
Uimh. theileafóin: 053 9117450